# Féile na hInse

## 2019

**35 Bliain faoi Bhláth**

## Óstán an Auburn Lodge,

Bóthar an Ghoirt, Inis

Co. an Chláir.

## 1 - 9 Márta



**Eagraithe ag**

An Clár as Gaeilge Teo.

**I dTeannta le**

Conradh na Gaeilge

Seachtain na Gaeilge le enérgia

Comhairle Contae an Chláir

Foras na Gaeilge

# Na Coinníollacha Iontrála

1. Ní foláir na hiontrálacha go léir, maraon leis na táillí, a bheith ag Rúnaí na gComórtas ag:

**OIFIG "CLÁR AS GAEILGE",**

**2 Clós na Beairice, Sráid na Beairice,**

**Inis, Co.an Chláir.**

**ar nó roimh DÉ hAoine, 15 FEABHRA 2019.**

**Is féidir iontrálacha a sheoladh trí r-phost ar nó roimh an 14 Feabhra 2019 chuig:**

**feilenahinse2019@gmail.com**

**ar an gcoinníoll go n-íocfar na táillí cuí taobh istigh de sheacht lá ón dáta sin.**

**Ní ghlacfar le hiontrálacha ar lá na gcomórtas.**

2. Glacfar le hiontrálacha ó thuismitheoirí, ó dhaoine aonair, ó scoileanna, ó chlubanna agus ó ghrúpaí.
3. I gcás foirne nó grúpa, ó chlub nó eagras, nach luíonn ina iomláine in aoisghrúpa faoi leith, beidh orthu dul san iomaíocht i Roinn an Chomórtais ina bhfuil an duine is sine sa ghrúpa.
4. (a) Bronnfar buantrófaí agus duaiseanna aonair sna comórtais mar a luaitear sa chlár.
   (b) Bronnfar an Chéad, an Dara agus an Tríú duais i ngach comórtas aonair le cúigear nó níos mó iomaitheoir.
   (c) Bronnfar dhá dhuais i gcomórtas le ceathrar iomaitheoir, agus duais amháin i gcomórtas le beirt nó triúr iomaitheoir.
   (d) Bronnfar an chéad agus an dara duais i gcomórtas le beirt nó níos mó ar fhoireann.
   (e) Bronnfar Buantrófaí ar bhuaiteoirí comórtais le 10 nó níos mó iomaitheoirí ar fhoireann.
   (f) Bronnfar na duaiseanna ag críoch gach comórtas ach amháin nuair a iarrann an Moltóir a mhalairt.
5. I gcomórtas ina mbeidh gá le réamhbhabhtaí, ligfear le gach iomaitheoir a ghnóthaíonn 80% nó os a cionn ar aghaidh. Déanfar iarracht gach craobh a bheith ar an ardán.
6. (a) Caithfidh iomaitheoirí clárú & uimhir a fháil 15 nóiméad roimh thús an chomórtais.
   (b) Chomh luath agus a chuirtear tús le comórtas, caithfidh gach iomaitheoir teacht agus fanacht lena uain sa seomra ina bhfuil an comórtas ar siúl.
   (c) Is féidir am comórtais a athrú ag brath ar iontrálacha. Cuirfear é seo in iúl don Mhúinteoir i gceannas roimh ré.
7. **Ní bheidh dul thar bhreith an Mholtóra i gcás ar bith.**
8. Toisc gurb í príomhaidhm na Féile an Ghaeilge a chur chun cinn:
   (a) Beifear ag súil go ndéanfar teagmháil leis an gCoiste trí mheán na Gaeilge, chomh fada agus is féidir.
   (b) Beifear ag súil go mbainfear úsáid as an nGaeilge ag na himeachtaí, chomh fada agus is féidir.
9. Caithfear na **Buantrófaithe ó 2018** a chur ar ais chuig Rúnaí na Féile, ag Óstán an Auburn Lodge, Inis, nó chuig oifig ***"An Clár as Gaeilge"*** ar nó roimh **Dé hAoine, 15 Feabhra 2019.**
10. Beidh Rannóg ar leith do Ghaelscoileanna agus Scoileanna Gaeltachta i roinnt comórtais mar a luaitear sa Chlár. Más mian le hiomaitheoir, nach bhfuil ag freastal ar Ghaelscoil, páirt a ghlacadh i rannóg na nGaelscoileanna, beidh fáilte roimhe/roimpi.
11. Caithfear na scoláireachtaí Gaeltachta a bhronntar ag Féile 2019 a úsáid i gcúrsaí Samhraidh Gaeltachta i 2019 sna coláistí roghnaithe. Is gá do mholtóir bheith sásta le caighdeán Ghaeilge an bhuaiteora.
12. **Níl** na Scoláireachtaí inaistrithe.
13. Molann Coiste na Féile do chaomhnóirí/tuismitheoirí go bhfuil siad freagrach as a bpáistí le linn imeachtaí na Féile.
14. **Dáta Deiridh Iontrála do na Comórtais go léir ná: DÉ hAOINE, 15 FEABHRA 2019**

**Ní foláir fiosraithe faoi ghné ar bith den Fhéile a chur chuig**
**Oifig na Féile**
**Fón: 065 – 6864474**
**R-phost: feilenahinse2018@gmail.com**
**9.30 a.m. – 5.00 p.m. Luan go hAoine**

# Féile na hInse 2019

## 1-9 Márta

## Clár Laethúil na Féile

| | | |
|---|---|---|
| | **DÉ hAOINE 1 MÁRTA** | **Lch. 5** |
| 3.30 p.m. | Comórtas Aithriseoireachta Bhunscoile Sinsir | Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg |
| | **DÉ SATHAIRN 2 MÁRTA** | **Lch. 6** |
| 2.00 p.m. | Comórtais Scoraíochta Bunscoile | Óstán an Auburn Lodge |
| 3.00p.m. | Comórtas Scoraíochta Iar-bhunscoile | Óstán an Auburn Lodge |
| 4.00 p.m. | Comórtais Banna Céilí agus Grúpa Ceoil Iar-bhunscoile | Óstán an Auburn Lodge |
| 6.00 p.m | Comórtas Bord-Quiz Iar-bhunscoile | Óstán an Auburn Lodge |
| | **DÉ DOMHNAIGH 3 MÁRTA** | **Lch.7** |
| 11.30a.m. | Aifreann na Féile | Ard-Eaglais na hInse |
| 12.00 p.m. | Lá na dTeaghlach | Óstán an Auburn Lodge |
| | **DÉ LUAIN 4 MÁRTA** | **Lch.8** |
| 1.00 p.m | Comórtas Agallamh Beirte Gaelscoileanna | Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg |
| 3.30 p.m. | Labhairt na Gaeilge Bunscoile Gaelscoileanna | Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg |
| 3.30 p.m | Agallamh Beirte - Gnáthscoileanna | Óstán an Auburn Lodge |
| | **DÉ MÁIRT 5 MÁRTA_CEAD ISTEACH €2 DAOINE FÁSTA AMHÁIN** | **Lch.9** |
| 1.00 p.m. | Slua amhránaíocht Bunscoile | Óstán an Auburn Lodge |
| 2.15 p.m. | Amhránaíocht Aonair (nach Sean-nós í) Bunscoile | Óstán an Auburn Lodge |
| 5.15 p.m. | Grúpamhránaíocht Bhunscoile | Óstán an Auburn Lodge |
| | **DÉ CÉADAOIN 6 MÁRTA** | **Lch.10** |
| 4.00 p.m. | Labhairt na Gaeilge Bunscoile Gnáthscoileanna | Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg |
| 6.30 p.m | **Bronnadh na nDuaiseanna Ealaíne agus Liteartha** | Óstán Auburn Lodge |
| | **DÉARDAOIN 7 MÁRTA** | **Lch.11** |
| 3.30 p.m. | Scéalaíocht Bunscoile (Gaelscoil & Gnáthscoil) | Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg |
| 3.30 p.m. | Grúpaí Ceoil Bunscoile **CEAD ISTEACH €2 DAOINE FÁSTA AMHÁIN** | Ostán an Auburn Lodge |
| 3.30 p.m. | Bannaí Céilí Bunscoile **CEAD ISTEACH €2 DAOINE FÁSTAAMHÁIN** | Ostán an Auburn Lodge |
| | **DÉ hAOINE, 8 MÁRTA** | **Lch.11** |
| 3.45 p.m. | Bord Quiz Bunscoile | Óstán an Auburn Lodge |
| | **DÉ SATHAIRN 9 MÁRTA** | **Lch.13/14** |
| 11.00 a.m. | Labhairt na Gaeilge Iar-bhunscoile | Óstán an Auburn Lodge |
| 1.00 p.m. | Aithriseoireacht Aonair Iar-bhunscoile | Óstán an Auburn Lodge |
| 2.00 p.m. | Comórtas Agallamh Beirte Iar-bhunscoile Bliain 1-6 | Óstán an Auburn Lodge |
| 2.30 p.m. | Grúpamhránaíocht Iar-bhunscoile | Óstán an Auburn Lodge |
| 3.15 p.m. | Amhránaíocht Aonair Iar-bhunscoile | Óstán an Auburn Lodge |

## COMÓRTAS 1: Comórtais Ealaíne

**Bunscoileanna**

| | | |
|---|---|---|
| Comórtas 1 (A): | Naíonáin Shóisearacha | Téama: Mo Chlann |
| Comórtas 1 (B): | Naíonáin Shinsearacha | Téama: Mo Pheata |
| Comórtas 1 (C): | Rang 1 | Téama: Mo Scoil |
| Comórtas 1 (D): | Rang 2 | Téama: Mo Chairde |
| Comórtas 1 (E): | Rang 3. | Téama: Faoin Tuath |
| Comórtas 1 (F): | Rang 4 | Téama: Mo Chaitheamh Aimsire |
| Comórtas 1 (G): | Rang 5 | Téama: Léiriú ar Sheanfhocal |
| Comórtas 1 (H): | Rang 6 | Téama: Léiriú ar Sheanfhocal |

**Iar-bhunscoileanna**

| | | |
|---|---|---|
| Comórtas 1 (I): | 1ú, 2ú, 3ú Bliain. | Téama: **Áthas** |
| Comórtas 1 (J): | 4ú, 5ú, 6ú Bliain | Téama: **Mo Dhomhan** |

**RIALACHA:**

1. Glacfar le saothar ar pháipéar amháin.
2. Ceadaítear méid ar bith sa pháipéar agus glacfar le meán oibre ar bith.
3. Caithfear teideal bheith le léamh ar aghaidh an phictiúir agus cuirfear an léiriú scríofa seo san áireamh sa mholtóireacht. Ní cheadófar cló nó grafacha ríomhairí a úsáid.
4. **Bíodh ainm, rang, scoil, uimhir theileafóin na scoile, chomh maith le huimhir an chomórtais agus síniú an mhúinteora, ar chúl gach píosa ealaíne.**
5. Is le Coiste na Féile saothar na n-iomaitheoirí. Níl an Coiste faoi chomaoin é a thabhairt ar ais. Mar sin, ná cuir aon phíosa isteach a bheidh ag teastáil do phortfolio scrúdaithe.
6. Bronnfar trófaithe agus boinn i ngach rannóg.
7. Táille: 1(A) - 1(J): **€2**

## COMÓRTAS 2 : Comórtais Liteartha

| | | |
|---|---|---|
| **COMÓRTAS 2 (A):** | **AISTE BUNSCOILE, Rang 4,5,6.** | **Téama : Timpiste a Tharla Dom.** |
| **COMÓRTAS 2 (B):** | **AISTE IAR-BHUNSCOILE, Bliain 1,2,3.** | **Téama : Laethanta Saoire.** |
| **COMÓRTAS 2 (C):** | **AISTE IAR-BHUNSCOILE, Bliain 4,5,6.** | **Téama : Tábhacht Reiligiúin i Saol an Duine.** |
| **COMÓRTAS 2 (D):** | **GEARRSCÉAL IAR-BHUNSCOILE.** | **Téama : Eagna .** |

**RIALACHA:**



1. Comórtas 2(A) gan dul thar 150 focal, 2(B), gan dul thar 300 focal.
   Comórtas 2(C & D) gan dul thar 500 focal.
2. Is le Coiste Fhéile na hInse obair na n-iomaitheoirí. Níl an Coiste faoi chomaoin é a thabhairt ar ais.
3. Bronnfar trófaithe i ngach roinn.
4. Bíodh d'ainm, rannóg agus seoladh agus **uimhir theagmhála na scoile** ar chúl gach aiste.
5. Táille: **€2**

# DÁTA DEIRIDH IONTRÁLA

**Caithfear na hiontrálacha do na Comórtais Ealaíne & Aistí a fhágáil isteach chuig:**

**Oifig 'An Clár as Gaeilge', 2 Clós na Beairice, Sráid na Beairice, (trasna ón Clare Champion) Inis,**

**idir 09.30a.m – 5.00 p.m. roimh nó ar Dé hAoine 15 Feabhra 2019**

# Dé hAoine, 1 Márta

## COMÓRTAS 3: AITHRISEOIREACHT BHUNSCOILE - SINSIR

### IONAD : GAELSCOIL MHÍCHÍL CÍOSÓG, BÓTHAR AN GHOIRT

| | | |
|---|---|---|
| 3.30 p.m. | Comórtas 3(A): | Rang 2 |
| 3.50 p.m. | Comórtas 3(B): | Slua-Aithriseoireacht Rang 2 |
| 4.10 p.m. | Comórtas 3(C): | Rang 3 |
| 4.40 p.m. | Comórtas 3(D): | Rang 4 |
| 5.00 p.m,. | Comórtas 3(E): | Rang 5 |
| 5.15 p.m. | Comórtas 3(F): | Rang 6 |
| 5.30 p.m. | Comórtas 3 (G): | Slua-Aithriseoireacht Rang 3 – Rang 6 |

**RIALACHA:**

1. Píosa filíochta de do rogha féin a rá. Caithfear cóip den dán a chur ar fáil don mholtóir.
2. Táille: 3(A, C, D, E, F): **€2**
3. Táille: 3(B & G): **€10**
4. Duaiseanna: Trófaí agus boinn i gComórtas 3 (A)(C )(D)(E )(F). Buantrófaí i gComórtas 3(B)(G)


**An Clár as Gaeilge Teo.**

Togra Páirtíochta Forbairt Gaeilge do Chontae an Chláir.

* Ag spreagadh úsáid na Gaeilge ar fud an Chontae
* Ag riaradh agus ag déanamh bainistiú ar Líonra na hInse

Seoladh: 2 Clós na Beairice, Sráid na Beairice, Inis.
Fón: 065-6864474
R-Phost: anclarasgaeilge@gmail.com
Idirlíon: www.anclarasgaeilge.net

*Maoinithe ag* Foras na Gaeilge, *Eagraithe ag* Conradh na Gaeilge, Inis.

@clarasgaeilge

**Buail isteach chugainn – beidh fáilte romhat!**



**AN CUMANN SCOILDRÁMAÍOCHTA, CO. AN CHLÁIR**

AN CUMANN SCOILDRÁMAÍOCHTA

**Féile Scoildrámaíochta an Chláir 2019,**
**12 Feabhra (ag tosú ar 10 a.m.)**
**Féile Scoildrámaíochta na Mumhan 2019,**
**14 Márta**

***Beidh Féile Scoildrámaíochta an Chláir agus Féile Scoildrámaíochta na Mumhan 2019 ar siúl i nGlór, Inis***

glór ENNIS

***Ticéid €5 (don chlann) ar fáil ag an doras.***
***Gach eolas ón Rúnaí 065-6864474***

# Dé Sathairn, 2 Márta

**CLÁRÚ SA 'GARDEN SUITE' ÓSTÁN AUBURN LODGE**

## COMÓRTAS 4: Comórtais Scoraíochta na Féile

### 2.00 p.m. COMÓRTAS 4(A): COMÓRTAS SCORAÍOCHTA BUNSCOILE

***Comórtas Cuimhneacháin Dhónall Mhic Mhathúna***

**RIALACHA**

1. Scoraíocht a léiriú le caint, ceol, amhránaíocht, agus damhsa.
2. Do rogha téama.
3. Teorainn Ama: 20 nóiméad.
4. Táille: **€10**.
5. Duais: 1ú: Buantrófaí Dhónall Mhic Mhathúna agus duais €50; 2ú: Duais€30

### 3.00 p.m. COMÓRTAS 4(B): COMÓRTAS SCORAÍOCHTA IAR-BHUNSCOILE

***Comórtas Cuimhneacháin Roibeárd Uí Cheallaigh***

**RIALACHA :**

1. Scoraíocht a léiriú le caint, ceol, amhránaíocht, agus damhsa.
2. Do rogha téama.
3. Teorainn Ama: 20 nóiméad.
4. 4. Táille: **€10**.
5. Duais: 1ú: Buantrófaí Roibeárd Uí Cheallaigh agus duais €50; 2ú: Duais €30

### 4.00 p.m. COMÓRTAS 5: BANNA CÉILÍ IAR-BHUNSCOILE AGUS EAGRAIS

***Comórtas Cuimhneacháin Mháirtín Uí Dhúbháin***

**RIALACHA:**



1. Uimhir sa Bhanna – gan dul thar deichniúr.
2. Seinnfidh an Banna teaglaim de cheol rince céilí.
3. Am: Gan dul thar 12 nóiméad.
4. 4. Táille: **€10**
5. Duais: 1ú: Buantrófaí Mháirtín Uí Dhubháin agus Duais €50: 2ú : Duais €30

### 5.00 p.m. COMÓRTAS 6: GRÚPA CEOIL IAR-BHUNSCOILE.

**RIALACHA:**

1. Seinnfidh gach grúpa teaglaim de cheol Ghaelach ina mbeidh fonn mall. Beidh súil ag an moltóir le cóiriú agus samhlaíocht.
2. Caithfidh na hiomaitheoirí in aon ghrúpa bheith ón scoil chéanna.
3. Ceadófar uimhir ar bith sa ghrúpa.
4. Am: Gan dul thar 12 nóiméad.
5. Duais: Sciath na Féile 6. Táille: **€10**

NÓTA: I gComórtas 6 caithfidh duine nó daoine ón ngrúpa an ceol a chur i láthair, ag tabhairt ainmneacha na bpíosaí atá á sheinm acu.

### 6.00p.m. COMÓRTAS 7: BORD QUIZ IAR-BHUNSCOILE

**RIALACHA:**





1. Ceathrar (4) ar gach foireann agus bíodh ainm captaein gach foireann ar an bhfoirm iontrála.
2. Ní ghlacfar le hiontrálacha ar Lá an Chomórtais.
3. Beidh 6 bhabhta sa Quiz, le 10 gceist i ngach babhta
4. Rachaidh an dá chomórtas ar aghaidh le chéile.
5. Duais: Buantrófaí mar aon le duaiseanna aonair sa dá roinn.
6. Táille: **€8** ar Fhoireann

NÓTA : Tá cosc iomlán ar fhón póca a úsáid sa halla. Dícháileofar aon fhoireann a úsáideann fón póca ar chúis ar bith sa halla le linn an chomórtais.



## Dé Domhnaigh, 3 Márta

# AIFREANN NA FÉILE

## Ar 11.30 in Ard-Eaglais na hInse Le Cór na hArd-Eaglaise



---

## Dé Domhnaigh 3 Márta - Auburn Lodge, Inis

# Lá na dTeaghlach





**IMEACHT 8 agus IMEACHT 9:**

**(8):AITHRISEOIREACHT / AMHRÁNAÍOCHT AONAIR BUNSCOILE**
**(9): SLUA-AMHRÁNAÍOCHT / SLUA-AITHRISEOIREACHT BUNSCOILE**

| | |
|---|---|
| 12.00 p.m. | Taispeántas Naíonraí |
| 1.00 p.m. | 8 (A): Naíonáin Shóisearacha |
| 1.30 p.m. | 9 (A): Naíonáin Shóisearacha |
| 2.15 p.m. | 8 (B): Naíonáin Shinsearacha |
| 2.45 p.m. | 9 (B): Naíonáin Shinsearacha |
| 3.15 p.m. | 8 (C): Rang 1 |
| 3.30 p.m | 9 (C): Rang 1 |

**Ní Comórtas ach Taispeántas a bheidh in imeachtaí 8 & 9**

**RIALACHA IMEACHT 8:**

1. Píosa filíochta nó amhrán de do rogha féin a rá nó a chanadh.
2. Táille: **€2**

**RIALACHA IMEACHT 9:**

1. Dhá amhrán nó dhá dhán de do rogha féin a chanadh nó a aithris.
2. Tá feisteas agus aisteoireacht ceadaithe. 3. Táille: **€2**



---

# *Scléip an tSamhraidh 2019*

## *1-12 Iúil 2019*

**Campa Samhraidh Trí Ghaeilge, Inis. Co. an Chláir**

**Spórt!**
**Spraoi!**
**Ceol!**
**Snámh!**

**Oiriúnach do dhaltaí Bunscoile ó Rang 3 go Rang 6**

**Damhsa!**
**Ealaín!**
**Turas!**
**Dráma!**

**Déan áirithint go luath, tá áiteanna teoranta!**

**Gach eolas ó: Oifig AN CLÁR AS GAEILGE, 2 Clós na Beairice, Sráid na Beairice, Inis, Co.an Chláir.**
**Fón: 065-6864474 R-POST: anclarasgaeilge@gmail.com**

# Dé Luain, 4 Márta

## COMÓRTAS 10: COMÓRTAS AGALLAMH BEIRTE BUNSCOILE

**Gaelscoileanna amháin IONAD: Gaelscoil Mhíchíl Cíoság, Gleann Aibhne.**

1.00 p.m. Comórtas 10 (A): Rang 2 agus faoi
1.30 p.m. Comórtas 10 (B): Rang 3
2.00 p.m. Comórtas 10(C): Rang 4

2.30 p.m. Comórtas 10 (D): Rang 5
3.00 p.m Comórtas 10 (E): Rang 6
.

**RIALACHA:**
1. Agallamh beirte nó lúibín a chur i láthair.
2. Níl cead a bheith páirteach ach in agallamh **amháin.**
3. Duaiseanna: Bronnfar trófaithe i ngach roinn.
4. Táille: **€4** ar gach beirt

## COMÓRTAS 11: LABHAIRT NA GAEILGE BUNSCOILE

**Gaelscoileanna amháin. IONAD: Seomraí i nGaelscoil Mhíchíl Cíoság, Gleann Aibhne.**

3.30 pm Comórtas 11 (A) Rang 2
3.30 pm Comórtas 11 (B) Rang 3

3.30 pm Comórtas 11 (C): Rang 4

3.30 pm Comórtas 11 (D): Rang 5

3.30 pm Comórtas 11 (E): Rang 6

**RIALACHA:**
1. Agallamh trí nóiméad idir an t-iomaitheoir agus an moltóir.
2. Dalta ar bith a d'fhreastail ar Ghaelscoil ó Mheán Fómhair 2013, caithfidh siad cur isteach ar Chomórtais 11(A) - 11(E).
3. Duaiseanna: Bronnfar trófaithe i ngach roinn
4. Táille: **€2**

## COMÓRTAS 12: COMÓRTAS AGALLAMH BEIRTE BUNSCOILE

**Gnáthscoileanna Amháin**

**IONAD: Garden Suite, Óstán an Auburn Lodge**
(Clárú sa Garden suite roimh ré)

3.30 p.m. Comórtas 12 (A): Rang 3 agus faoi
4.00 p.m. Comórtas 12 (B): Rang 4
4.40 p.m. Comórtas 12 (C): Rang 5
5.20 p.m. Comórtas 12 (D): Rang 6

**RIALACHA:**
1. Agallamh beirte nó lúibín a chur i láthair.
2. Níl cead a bheith páirteach ach in agallamh amháin
3. Duaiseanna: Bronnfar trófaithe i ngach roinn
4. Táille: €4 ar gach beirt.




*Is é Jim Casey Trophies an príomhsholáthraí trófaithe Spórt, gradam, bonn, corn, suaitheantas teaghlaigh. Tá seirbhís greannadóireachta againn chomh maith. Soláthraíonn muid gradaim d'ócáidí spórt agus imeachtaí eile i gContae an Chláir agus ar fud na tíre.*

***Lána an tSéipéil, Inis, Co. an Chláir Déan teagmháil linn ag 065-6820455.***
***Uaireanta oscailte: 10am-6pm Luan go hAoine agus 10am-5pm Dé Sathairn.***

*Jim Casey Trophies is a leading supplier of sports and awards trophies, medals, cups and family crests. We also provide engraving services. We're the leading suppliers of awards for sports and other events in Clare and throughout Ireland.*

***Located in Chapel Lane, Ennis, County Clare. Phone us at 065-6820455***
***Opening hours: 10am-6pm Monday to Friday and 10am-5pm on Saturday***

# Dé Máirt, 5 Márta – Comórtais Amhránaíochta

**CEAD ISTEACH €2 - DAOINE FÁSTA AMHÁIN**

## 1.00 p.m. COMÓRTAS 13: SLUA-AMHRÁNAÍOCHT & AMHRÁNAÍOCHT AONAIR

**Clárú sa Garden Suite roimh ré.** **Ní cheadófar an t-amhrán céanna a chanadh sa dá chomórtas**

1.00 p.m Comórtas 13 (A) Slua-amhránaíocht - Rang 2 – Rang 6 gan tionlacan
1.30 p.m. Comórtas 13 (B) Slua-amhránaíocht – Rang 2 – Rang 6 le tionlacan

**RIALACHA:**

1. Dhá amhrán le canadh i gcomórtas 13(A) agus 13(B).
2. Glacfar le haon *genre* sa dá chomórtas seo.
3. I gcomórtas 13(A), **Ní cheadófar** tionlacan ar bith, taifeadta nó beo (téip, CD, MP3 nóuirlis).
4. I gcomórtas 13(B), **Ní cheadófar tionlacan ach amháin ón ngrúpa nó ón múinteoir.**
5. Uimhir ar bith sa slua.
6. Táille: **€10**
7. Duais: Sciath na Féile.

## 2.15 p.m. Comórtais Amhránaíocht Aonair (nach Sean-Nós iad)

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2.15 p.m. | Comórtas 13 (C): | Rang 2 | Buachaillí agus Cailíní |
| 2.45 p.m. | Comórtas 13 (D) | Rang 3 | Buachaillí agus Cailíní |
| 3.15 p.m. | Comórtas 13 (E): | Rang 4 | Buachaillí agus Cailíní |
| 3.45 p.m. | Comórtas 13 (F): | Rang 5 & 6 | Buachaillí |
| 4.15 p.m. | Comórtas 13 (G): | Rang 5 | Cailíní |
| 5.15 p.m. | Comórtas 13(H): | Rang 6 | Cailíní |

**RIALACHA:**

1. Beifear ag súil le hamhráin dhúchasacha ón dTraidisiún Gaelach.
2. Amhrán amháin a chanadh, gan tionlacan, **gan dul thar trí véarsa.**
3. Duaiseanna: Bronnfar trófaithe i ngach roinn.
4. Táille **: €2**

## 5.00 p.m. COMÓRTAS 14: COMÓRTAS GRÚPAMHRÁNAÍOCHT BUNSCOILE

5.15p.m Comórtas 14(A): Grúpa Amhránaíocht gan tionlacan
5.45p.m Comórtas 14(B): Grúpa Amhránaíocht le tionlacan
6.30p.m Comórtas 14(C): Grúpa Amhránaíocht le hamhrán nuachumtha nó aistriúchán nuachumtha, ceadófar tionlacan.

**RIALACHA:**

1. Beifear ag súil le hamhráin dhúchasacha ón dTraidisiún Gaelach i gComórtas 14(A) agus 14(B)
2. I gComórtas 14 (C) glacfar le aon *genre*. Ní ghá an t-aistriúcháin nó an chumadóireacht a bheith déanta ag ball den ghrúpa.
3. Canfaidh gach grúpa dhá amhrán.
4. Bíodh idir chúigear agus deichniúr i ngach grúpa.
5. I gcomórtas 14(A), **ní cheadófar** tionlacan taifeadta nó beo (téip, CD, MP3 nó uirlis).
6. I gcomórtas 14(B), **ceadófar tionlacan ón ngrúpa féin amháin**.
7. Duais: Boinn.
8. Is leor amhrán amháin a chanadh i gComórtas 14(C).
9. Táille: **€10** don ghrúpa.

# Dé Céadaoin, 6 Márta

## 4.00 p.m. COMÓRTAS 17: LABHAIRT NA GAEILGE BUNSCOILE

## IONAD: Sa Halla i nGaelscoil Mhíchíl Cíosóg, Gleann Aibhne

**Comórtais do Ghnáthscoileanna amháin**

4.00 p.m. Comórtas 17 (A) Rang 3
4.00 p.m. Comórtas 17 (B) Rang 4

4.00 p.m. Comórtas 17 (C) Rang 5
4.00 p.m. Comórtas 17 (D) Rang 6

**RIALACHA:**

**1.** Agallamh trí nóiméad idir an t-iomaitheoir agus an moltóir.
**2.** Duaiseanna: Bronnfar trófaithe i ngach roinn
**3.** Má fhreastal tú ar Ghaelscoil ó 2013, caithfidh tú páirt a ghlacadh sa Chomórtas do na Gaelscoileanna.
**4.** Táille: **€2**

---




*Coláiste Eoghain Uí Chomhraidhe*

**Carraig a'Chabhaltaigh, Co. an Chláir**

**Coláiste Samhraidh Gaeilge Cónaithe do Pháistí idir 10 agus 14 bliana d'aois**

**CÚRSAÍ 2019**

**Cúrsa A: 02/06/2019 – 23/06/2019**

**Cúrsa B: 30/06/2019 - 21/07/2019**

**Cúrsa C: 28/07/2019 - 11/08/2019**

**Gach eolas ón Rúnaí ag 065-9058014**
**087-2760590**

**E-phost: colaistechomhraidhe@eircom.net**

**Idirlíon: www.colaistechomhraidhe.com**

***Saoire trí Ghaeilge cois farraige i gContae an Chláir***


---

## 6.30 p.m. Bronnadh na nDuaiseanna na gComórtas Ealaíne & Liteartha

**IONAD: Ballyalla Suite, Óstán an Auburn Lodge**



**(i) Comórtais Liteartha : 1(A) - 1(J)**
**(ii) Comórtais Liteartha: 2(A) - 2(D**

# Déardaoin, 7 Márta

<u>CEAD ISTEACH €2 - DAOINE FÁSTA AMHÁIN</u>

## 3.30p.m. COMÓRTAS 18: COMÓRTAS SCÉALAÍOCHTA BUNSCOILE

**(Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg)**



**Gaelscoileanna**

| | |
|---|---|
| 3.30p.m. | Comórtas 18 (A): Rang 1 & 2 |
| 4.00 p.m. | Comórtas 18 (B): Rang 3 & 4 |
| 4.30 p.m. | Comórtas 18 (C): Rang 5 & 6 |

**Gnáthscoileanna**

| | |
|---|---|
| 3.30 p.m | Comórtas 18 (D): Rang 1 & 2 |
| 4.00 p.m | Comórtas 18 (E): Rang 3 & 4 |
| 4.30 p.m | Comórtas 18 (F): Rang 5 & 6 |

**RIALACHA:**

1. Tá cead seanscéal nó scéal nuachumtha a insint.
2. Teorainn Ama: 5 Nóiméad.
3. Duaiseanna: Trófaithe i ngach roinn.

## 3.30 p.m. COMÓRTAS 15: GRÚPA CEOIL BUNSCOILE

**(Óstán an Auburn Lodge)**

**3.30 p.m. Comórtas 15 (A) - Scoileanna Beaga (Ceathrar Múinteoirí Ranga nó níos lú.)**

**4.30 p.m. Comórtas 15 (B) - Scoileanna Móra (Cúigear Múinteoirí Ranga nó níos mó.)**

**RIALACHA:**

1. Seinnfidh gach grúpa teaglaim de Cheol Ghaelach ina mbeidh ina measc fonn mall.
2. **Beidh súil ag an moltóir le cóiriú agus samhlaíocht.**
3. **Foireann**: Uimhir ar bith sa Ghrúpa
4. Caithfidh gach dalta sa Ghrúpa bheith sa Bhunscoil chéanna.
5. **Am:** Gan dul thar 10 nóiméad. Caillfear marcanna má théann grúpa thar am.
6. **Duais:** Boinn
7. **Táille: €10**

## 3.30p.m. COMÓRTAS 16: BANNA CÉILÍ BUNSCOILE.

**(Óstán an Auburn Lodge)**

**3.30 p.m. Comórtas 16(B) - Scoileanna Móra (Cúigear Múinteoirí Ranga nó níos mó.)**

**4.30 p.m. Comórtas 16(A) - Scoileanna Beaga (Ceathrar Múinteoirí Ranga nó níos lú.)**

**RIALACHA:**

1. Méid Foirne: Uimhir sa Bhanna – gan dul thar dháréag.
2. Seinnfidh gach banna teaglaim de Cheol Rince Céilí.
3. **Am:** gan dul thar 10 nóiméad. Caillfear marcanna má théann Banna thar am.
4. **Duais:** Sciath na Féile agus boinn.
5. **Táille: €10**

# Dé hAoine, 8 Márta

## 3.45 p.m. COMÓRTAS 19: BORD QUIZ BUNSCOILE



**(Clárú sa Ballyalla Suite)**

**RIALACHA:**

1. Ceathrar ar gach foireann.
2. Bíodh ainm captaein gach foireann ar an bhfoirm iontrála.
3. Ní ghlacfar le hiontrálacha ar lá an chomórtais.
4. Beidh 6 Bhabhta sa Quiz, le 10 gceist i ngach babhta.
5. Duais: Buantrófaí mar aon le duaiseanna aonair.
6. Táille: **€8** ar fhoireann.

**NÓTA :** Tá cosc iomlán ar fhón póca a úsáid sa halla. Dícháileofar aon fhoireann a úsáideann fón póca ar chúis ar bith sa halla le linn an chomórtais.

# Lucht na scrúdaithe:

**Páirt-scoláireachtaí Ghaeltachta do Chúrsa le buachain mar dhuaiseanna i gComórtas 20 Labhairt na Gaeilge Iar-bhunscoile agus i gComórtas 21 Aithriseoireacht Aonair Iar-bhunscoile!**

**Ceardlanna agus pacáistí staidéir ar fáil saor in aisce ag Féile na hInse, san Auburn Lodge Satharn 9 Márta, ár mbuíochas le Coláiste Chamuis as ucht iad a sholáthar**




Coláiste Chamuis
IS FIÚ AGUS IS FÉIDIR




**Cúrsaí ardchaighdeáin a chabhróidh leat caighdeán ard a bhaint amach sa Ghaeilge**

***Total Immersion Irish Language Courses of the highest standard to help your child achieve their maximum potential in Irish***






**Cúrsaí den chéad scoth ar fáil dár gcuid scoláirí UILIG, áit a bhfoghlaimíonn siad go leor le linn dóibh a bheith ag ceiliúradh Teanga agus Cultúr beo na Gaeilge i gceartlár Ghaeltacht Chonamara**

**Delivers Irish Language Summer Courses of the highest quality for ALL students to learn, grow and thrive while celebrating the Irish Language and Irish Culture in the heart of the Connemara Gaeltacht**

**Líofacht Shuntasach / Significant Improvement in Fluency**

**Modhanna Teagaisc & Foghlama d'ardchaighdeán / Best Modern Teaching and Learning Methods**

**Múinteoirí & Mná Tí den scoth / The best of Teachers & Host Families**

Cúrsa A: 02/06/19 ï 23/06/19
Cúrsa B: 29/06/19 ï 20/07/19
Cúrsa C: 21/07/19 ï 11/08/19

Cláraigh www.colaistechamuis.ie Glaoigh ar (091) 593162



coláiste laichtín



Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe

**Cúrsaí / Courses:**

**A**: 03 June - 24 June, 2019
**B**: 26 June - 17 July 2019
**C**: 18 July - 8 August 2019
**D**: 18 July - 01 August 2019

**RÚNAÍ: Mary Ó Conghaile, 8 Rockmount Grove, Inis**
**065-6822275 info@colaistelaichtin.ie**

# Dé Sathairn, 9 Márta

## Comórtais Iar-bhunscoileanna

### 11.00 a.m. COMÓRTAS 20: LABHAIRT NA GAEILGE

**Clárú san Ballyalla Suite**

| | | |
|---|---|---|
| 11.15 a.m: | Comórtas 20(A): | Agallamh don 1ú Bliain, 2ú & 3ú Bliain |
| 11.15 a.m: | Comórtas 20(B): | Agallamh don 4ú, 5ú & 6ú Bliain |
| 11.15 a.m: | Comórtas 20(C): | Agallamh do scoláirí Ghaelcholáistí, 1ú, 2ú & 3ú Bliain |
| 11.15 a.m: | Comórtas 20(D): | Agallamh do scoláirí Ghaelcholáistí, 4ú, 5ú & 6ú Bliain |

**RIALACHA:**

1. Agallamh idir an t-iomaitheoir agus an moltóir, 15 nóim. do 20(B) & 20(D); 10 nóim. do 20(A) & (C)
2. DUAISEANNA: Bronnadh páirt-scoláireacht ar luach €400 mar dhuais don 1ú agus 2ú háit i gComórtas 20(A), 20(B), 20(C), agus 20(D).
   **IS DO COLÁISTE LAICHTÍN INIS OÍRR, CÚRSA B 2019 (27/06/19 - 18/07/19) NA PÁIRT-SCOLÁIREACHTAÍ SEO GO LÉIR. CAITHFIDH AN BUAITEOIR A BHEITH AR FÁIL AR NA DÁTAÍ SIN. NÍ FÉIDIR AN PÁIRT-SCOLÁIREACHT A ATHRÚ GO CÚRSA AR BITH EILE NÓ DUINE AR BITH EILE.**
3. Caithfidh scoláirí a d'fhreastail ar Ghaelscoil nó ar Ghaelcholáiste ó Mheán Fómhair 2013 i leith, páirt a ghlacadh i gComórtas 20 (C) nó 20 (D).
4. Is gá don Mholtóir bheith sásta le caighdeán na Gaeilge chun scoláireacht a bhronnadh.
5. Clárú 15 nóiméad roimh ré.
6. 6.Táille: **€2**

**Tá scoláireacht dar luach €250 tugtha ag Coláiste Chonnacht do Chúrsa B i mbliana. Bronnfar an scoláireacht seo ar bhuaiteoir Comórtas 20: Labhairt na Gaeilge Iar-bhunscoile nó Comórtas 21: Aithriseoireacht Aonair Iar-bhunscoile Táimid fíorbhuíoch de Choláiste Chonnacht as a fhlaithiúlacht.**

### 1.00 p.m. COMÓRTAS 21: AITHRISEOIREACHT AONAIR IAR-BHUNSCOILE (BLIAIN 1 – 6)

**RIALACHA:**

1. Píosa próis nó píosa filíochta de do rogha féin **a rá nó a léamh** le tuiscint.
2. **DUAISEANNA: Bronnadh páirt-scoláireacht ar luach €300 mar dhuais don 1ú agus 2ú háit i gComórtas 21. IS DO CHOLÁISTE CHONNACHT, CURSA B 2019 (27/06/19 - 18/07/19) NA PÁIRT-SCOLÁIREACHTAÍ SEO GO LÉIR. CAITHFIDH AN BUAITEOIR FÉIN A BHEITH AR FÁIL CHUN FREASTAL AR AN GCÚRSA IOMLÁN AR NA DÁTAÍ SIN. NÍ FÉIDIR AN PHÁIRT-SCOLÁIREACHT A ATHRÚ GO CÚRSA AR BITH EILE NÓ GO DUINE EILE."**
3. Caithfear cóip den dán nó den phrós a chur ar fáil don mholtóir roimh thús an chomórtais.
4. Táille: €2

### 2.00 p.m. COMÓRTAS 22: AGALLAMH BEIRTE IAR-BHUNSCOILE Bliain 1-6

**RIALACHA:**

1. Agallamh beirte a chur i láthair.
2. Níl cead a bheith páirteach ach in agallamh **amháin.**
3. Duaiseanna: Bronnfar trófaithe i ngach roinn.
4. Táille: **€4** ar gach beirt.

## 2.30 p.m. COMÓRTAS 23: GRÚPAMHRÁNAÍOCHT IAR-BHUNSCOILE

Comórtas 23(A): Grúpamhránaíocht gan tionlacan.

Comórtas 23(B): Grúpa Bailéid, le tionlacan.

Comórtas 23(C): Popghrúpa le hAmhrán Nuachumtha nó Aistriúchán.

**RIALACHA:**

1. 3 - 10 i ngach grúpa.
2. Dhá amhrán a chanadh. Amhrán amháin i gComórtas 23(C)
3. Duaiseanna: Buantrófaí agus duaiseanna aonair
4. Táille: **€1 an duine sa ghrúpa**



## 3.15p.m. COMÓRTAS 24: AMHRÁNAÍOCHT AONAIR IAR-BHUNSCOILE - gan tionlacan

Comórtas 24(A): Comórtas do Bhliain 1,2,3. Comórtas 24(B): Comórtas do Bhliain 4,5



**RIALACHA**

1. **Amhrán amháin a chanadh - gan dul thar thrí véarsa.**
2. **Táille: €**




# Ciorcal Cainte

**Gach Maidin Dé Máirt ag 11.00 am**

**Ag Caife in aice leatsa** **Gach eolas ó 065 - 6864474**

# Coláiste CHONNACHT

An Spidéal, Co. na Gaillimhe

## Cúrsaí Samhradh 2019

### Táimid ag glacadh le háirithintí anois

**Seo a leanas sonraí na gcúrsaí 2019**

**Cúrsa A – 3 Sheachtain ó 02/06/19 go dtí 23/06/19 (€950)**

**Cúrsa B - 3 Sheachtain ó 26/06/19 go dtí 17/07/19 (€950)**

**Cúrsa C - 2 Sheachtain ó 21/07/19 go dtí 04/08/19 (€680)**

*** Glactar le héarlais €200 le gach iarratas**

**Eolas: 091-553146 087-1000710**

**www.colaistechonnacht.com**

# Féile na hInse 2019

## Foirm Iontrála

**Airgead Tirim □______________________(méid)** **Seic □___________________________(méid)**

**Ainm agus seoladh na Scoile Eagras):**………………………………………………………………………………..

**Ainm an duine i gceannas ar na daoine thíos luaite:** ………………………………………………………………….

**Fón Póca**………………………………………. ……… **Fón Scoile**………………………………………………………….

Rphost: ________________________________________ Más nua-iontráil san Fhéile tú cuir X ☐

| Roinn agus Uimhir an Chomórtais | Ainm an Iomaitheora nó Ainman Ghrúpa | Táille € |
|---|---|---|
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | ................. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é ..é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é é |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é .é . |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é .é . |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é .é . |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é .é . |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é é .. |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é ..é |
| é é é é é | é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é é | é é é ..é |
| | **Iomlán Táillí** | **€** |

**Is ar mhaithe le Féle na hInse amháin na sonraí teagmhála seo.**
**Ní úsáidfear na sonraí seo d'aon imeacht eile gan cead an iarratasóra. Ní roinnfear in aon áit eile iad.**

**Dáta Deiridh Iontrála: Dé hAoine 15 Feabhra 2019**

## Féile na hInse 2019 - Coiste na Féile

Cathaoirleach: An tSiúr Eibhlín Ní Challanáin
Rúnaí: Aoife Ní Chonchúir
Cisteoir: Liam Ó Clochasaigh
Rúnaí na gComórtas: Róisín Ní Cheallaigh

**Baill an Choiste:**
Caitlín Ní Mhaoldomhnaigh, Daithí Ó Diollúin, Dónal Ó hAinifféin, Clíona Ní Chonghaile. Domhnall Ó Loingsigh, Eoin Ó Ceallaigh, Nóirín Uí Cheallaigh, Pádraig Mac Mathúna, Ruth Ní Éigní, Stephanie Ní Ghealbháin, Sharon Uí Riain, Áine Ní Cheallaigh


## Focal Buíochais

**Ba mhaith le Coiste na Féile buíochas a ghabháilleis na moltóirí, le Múinteoirí na scoileanna, le Foireann Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg Inis, le Tuismitheoirí na bPáistí,le Lucht Bainistíochta agus Foireann an Auburn Lodge, le Scoláisrí Ghaelcholáiste an Chláir, le Cór na hArd Eaglaise agus leis na dreamanna go léir a thug cúnamh agus tacaíocht dúinn.**

**Nár laga Dia sibh riamh.**


# Pátrúin na Féile

***Tá Coiste na Féile fíorbhuíoch de na patrúin seo a leanas a thug urraíocht, tacaíocht agus cúnamh dúinn – gan iad, ní fhéadfaimis an Fhéile a reáchtáil.***

**An Clár as Gaeilge Teo, Conradh na Gaeilge Inis, Foras na Gaeilge,
Comhairle Contae an Chláir, Cumann Scoildrámaíochta an Chláir,
Jim Casey Trophies, Coláiste Laichtín, Coláiste Chamuis, Coláiste Chonnacht,**

# Cairde na Féile

*Is mór le Coiste Fhéile na hInse an cúnamh airgid a fhaigheann sé ó bhaill de Choiste Chairde na Féile gach bliain. Gan an cúnamh seo, ní fhéadfaimis an Fhéile a reáchtáil ar an leibhéal ar a bhfuil sí.*
*Go raibh míle maith agaibh go léir as bhur bhflaithiúlacht.*

Gaelscoil Iosaif (Maigh), Gaelscoil Mhichíl Cíosóg (Inis), S.N. na Scairbhe, Scoil Seanáin Naofa (Sionna), S.N. An Chlochán Bheag, S N an Mhullaigh, Scoil na Maighdine Muire (Áth Leathan), S.N. Eanach, Scoil na Mainistreach (Cuinche), Scoil Naomh Eoin (Creatlach), S.N. Cill Mháille, S.N. Caisleáin an Chláir, S.N. Choillte, Coláiste Muire (Inis), Gaelscoil Uí Choimín, S.N. Mágh Mhín, C.B.S. (Inis), S.N. na hInse, S.N. Chluain Mhuinge (Córa Chaitlín), Scoil Mhochulla Naofa (an Tulach), Gaelcholáiste an Chláir, Scoil Mhuire (Inis Díomáin), Coláiste Pobail Naomh Eoin Bosco Cill an Dísirt, Scoil Fhinneachta Droichead Abhainn Uí gCearnaigh, Scoil na mBuachaillí Cill Dá Lua, An tSiúr Eibhlín Ní Challanáin, An tSiúr Máire Ní Chonaill, An tSiúr Paschal Nic Sheoin, Andrew Newland, Bernadette Uí Mhurchú, Caitlín Ní Mhaoldomhnaigh, Carmel & Mícheál Ó Coileáin, Carmel Uí Cheallaigh, Cllr Christy Curtin, Cois na hAbhna, Connolly Solicitors, Daithí O'Diollúin, David Williams, Deirbhile Evans, Domhnall Ó Loingsigh, Dónal & Nóirín Uí Ainiféin, Donnchadh Ó Maoláin, Frank Ó Néill, John & Sheila McNamara, Josie & Brendan Mullen, Máire Ní Ghéirín, Mary Nolan, Máire Uí Mhaoileoin, Máire Uí Mhaoldomhnaigh, Micheál Ó Conghaile, Michael Houlihan & Partners, Nóirín Uí Cheallaigh, Pádraig Mac Mathúna, Pat Mc Carthy Shoes, Róisín Ní Cheallaigh, Rosie Heaslip, Seán Spring, Seosaimhín Ní Loideáin, SKN Business\Slattery & Partners, Terry Moorehead, Treasa Uí Shúilleabháin, William and Anna Mc Lysaght.